# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

## CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH 2004 – MAIDIN 9.30am go dtí 12.30pm.

Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn:

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá 3 cheist sa roinn seo (uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibrithe s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** nó **DHÁ** cheist ar bith eile

## 1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Báicéir Teo., ar 31/12/2003.

| | | € | € |
|---|---|---|---|
| Scairchaipiteal | | | |
| Údaraithe | - 750,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | |
| Eisithe | - 540,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 540,000 |
| Paitinní | | 90,000 | |
| Trealamh Oifige | | 45,000 | |
| Foirgnimh | | 660,000 | |
| Dímheas Carntha ar Threalamh Oifige | | | 10,000 |
| Dímheas Carntha ar Fhoirgnimh | | | 99,000 |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | | 84,000 | 76,000 |
| Bintiúir 9% a eisíodh ar 31/3/2003 | | | 120,000 |
| Ceannacháin | | 520,000 | |
| Díolacháin | | | 782,000 |
| Tuarastail | | 122,000 | |
| Stoic 1/1/2003 | | | |
| Earraí le hathdhíol | | 92,600 | |
| Stáiseanóireacht | | 700 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2003 | | | 40,600 |
| Aischuir isteach | | 2,000 | |
| Stáiseanóireacht | | 4,800 | |
| Soláthar in aghaidh Drochfhiach | | | 4,600 |
| Coimisiún | | | 11,000 |
| Táillí Stiúrthóirí | | 42,600 | |
| Fógraíocht | | 9,600 | |
| Solas, teas agus árachas | | 18,000 | |
| CBL | | | 2,800 |
| Ús Bintiúir | | 5,400 | |
| Banc | | | 10,700 |
| | | 1,696,700 | 1,696,700 |

Tugtar an t-eolas breise seo leanas duit:

1. Stoic ar 31/12/2003:
   Earraí le hathdhíol €102,500
   Stáiseanóireacht 800
2. Tá an soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go dtí 5% de na fiachóirí.
3. Tá soláthar le déanamh i gcomhair dímheasa mar seo leanas:

   Trealamh oifige - 10% den luach de réir na leabhar.
   Foirgnimh - 2% den chostas.

4. Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús bintiúr dlite.
5. Bhain an fhógraíocht leis an mbliain dar chríoch 31/3/2004.
6. Ba é €1,500 an coimisiún a bhí dlite ar 31/12/2003.
7. Ba chóir soláthar €12,000 a dhéanamh do cháin chorparáide.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

(a) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2003. (80)
(b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2003. (40)

**(120 marc)**

## 2. Cuntais Feirme

Tá gnó feirmeoireachta measctha ag muintir Benson le dhá phríomhroinn, eallach agus caoire. Seo thíos achoimre ar na fáltais agus ar na híocaíochtaí ag an bhfeirm don bhliain dar chríoch 31/12/2003.

**CUNTAS MIONDEALAITHE FÁLTAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ**

**FÁLTAIS** **ÍOCAÍOCHTAÍ**

| Sonraí | Díolacháin eallaigh & bainne | Díolacháin caorach | Deontais Rialtais | IOMLÁN | Sonraí | Eallach | Caoire | Ilspeansais | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | € | | | | | € |
| Iarmhéid t/a | | | | 1,900 | Cothú-caoire | | 1,100 | | 1,100 |
| Bainne | 25,000 | | | 25,000 | Pá Ginearálta | | | 3,500 | 3,500 |
| Caoire | | 14,800 | | 14,800 | Cíos-conacra | | | 2,200 | 2,200 |
| Préimh Mhairteola | | | 2,700 | 2,700 | Pá déiríochta | | | 700 | 700 |
| Ba | 11,000 | | | 11,000 | Ba | 16,000 | | | 16,000 |
| Laonna | 4,000 | | | 4,000 | Deisiúcháin & Breosla | | | 4,100 | 4,100 |
| Préimh fóisceanna | | | 4,700 | 4,700 | Caoire | | 3,300 | | 3,300 |
| Olann | | 900 | | 900 | Solas & Teas | | | 1,350 | 1,350 |
| | | | | | Tarraingtí | | | 9,500 | 9,500 |
| | | | | | Leasachán | | | 2,900 | 2,900 |
| | | | | | Costais chonraitheora | | | 3,800 | 3,800 |
| | | | | | Cothú-eallach | 4,150 | | | 4,150 |
| | | | | | Iompar | | | 650 | 650 |
| **Iomlán Fáltais** | **40,000** | **15,700** | **7,400** | **65,000** | **Iomlán Íochta** | **20,150** | **4,400** | **28,700** | **53,250** |
| | | | | | Iarmhéid t/s | | | | 11,750 |
| | | | | 65,000 | | | | | 65,000 |
| Iarmhéid t/a | | | | 11,750 | | | | | |

**Tugtar an t-eolas breise seo leanas duit:**

| | | Eallach | Caoire |
|---|---|---|---|
| 1. | Luach an bheostoic ar a gcostas ar 1/1/2003 ba ea | €81,000 | €36,000 |
| | Luach an bheostoic ar a gcostas ar 31/12/2003 ba ea | €84,000 | €38,000 |
| 2. | Bainne a d'úsáid an teaghlach i gcaitheamh na bliana | | €720 |
| | Uaineoil a d'úsáid an teaghlach i gcaitheamh na bliana | | €365 |

4. Tá pá ginearálta, iompar agus cíos le dáileadh go cothrom ar an dá fhiontar ghnó. Gach speansais eile le dáileadh ar speansais ginearálta feirme.

**Iarrtar ort iad seo leanas a ullmhú:**

(a) Cuntais Mhiondealaithe Fiontar le haghaidh "Eallach agus Bainne" agus le haghaidh "Caoire" don bhliain dar chríoch 31/12/2003. (40)

(b) Cuntas ginearálta brabúis agus caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2003. (20)

**(60 marc)**

## 3. Cuntais Chlub

Bhí na nithe seo leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Chlub Gailf "Ryder" ar 1/1/2003: Clubtheach agus Cúrsa €490,000; Trealamh €44,000; Taiscí Chumann Foirgníochta €22,000; Stoc Beáir €3,300; Speansais dlite €4,300; Síntiúis réamhíoctha €900.

Seo leanas achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí an chlub don bhliain dar críoch 31/12/2003:

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh - 1/1/2003 | 2,250 | Ceannacháin Beáir | 51,500 |
| Ús | 550 | Ceannach Trealaimh | 12,000 |
| Síntiúis | 44,100 | Speansais Ghinearálta | 52,400 |
| Díolacháin Beáir | 73,000 | Duaiseanna Comórtas | 1,800 |
| Fáltais Fógraíochta | 16,550 | Creidiúnaithe Beáir | 3,900 |
| | | Iarmhéid Airgid - 31/12/2003 | 14,850 |
| | 136,450 | | 136,450 |

Do chuir an cisteoir an t-eolas seo leanas ar fáil freisin ar 31/12/2003:

(i) Ba é €3,600 stoc an bheáir.
(ii) Ba é €500 na creidiúnaithe Beáir.
(iii) Bhí speansais ar €2,900 dlite.
(iv) Bhí síntiúis réamhíoctha ar €1,600.
(v) Déantar dímheas 20% ar threalamh ar láimh ar 31/12/2003.
(vi) Déan an clubtheach agus an cúrsa a dhímheas ar 2% dá gcostas.

**Iarrtar ort:**

(a) Ráiteas a ullmhú a léireoidh Ciste Carntha an Chlub ar 1/1/2003. (15)
(b) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Chlub a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2003. (35)
(c) Na difríochtaí a mhíniú idir Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí. (10)

**(60 marc)**

## 4. Dímheas agus Athluacháil ar Shócmhainní Seasta

Baineadh na sonraí seo leanas as leabhair de Barra Teo:

01/01/2002 Foirgnimh ar a gcostas ar luach iomlán €350,000.
01/01/2002 Ba é €28,000 an iarmhéid sa Chuntas Sholáthar in aghaidh Dímheasa.
01/04/2002 Foirgnimh ceannaithe ar €150,000.
01/04/2002 Foirgneamh a chosain €100,000 díolta ar €180,000. Ba é €88,000 luach na leabhar ar an bhfoirgneamh seo ar 1/4/2002.
31/12/2002 Ba é €8,000 an dímheas iomlán don bhliain dar críoch 31/12/2002.
01/01/2003 Roinneadh athluacháil ar na foirgnimh ar €550,000.
31/12/2003 Déan soláthar le haghaidh dímheasa ar ráta 2% de luach na bhfoirgneamh ar 1/1/2003.

**Iarrtar ort iad seo leanas a thaispeáint:**

(a) Cuntas na bhFoirgneamh don dá bhliain 2002 agus 2003. (15)
(b) An Cuntas Soláthar le haghaidh Dímheasa don dá bhliain 2002 agus 2003. (20)
(c) An Cuntas Diúscartha Foirgneamh don bhliain dar críoch 31/12/2002. (15)
(d) An Cuntas Cúlchiste Athluachála. (10)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

## 5. Míniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Uí Bhrádaigh Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2003.

**Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2003**

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | 590,000 |
| Lúide: costas díolachán | | |
| Stoic 1/1/2003 | 54,000 | |
| Ceannacháin | 460,000 | |
| | | |
| Lúide Stoc 31/12/2003 | ? | ? |
| Ollbhrabús | | 142,000 |
| Lúide: Speansais (ús san áireamh) | | 58,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | 84,000 |
| Iarmhéid Bhrabúis agus Chaillteanais 1/1/2003 | | 22,000 |
| Iarmhéid Bhrabúis agus Chaillteanais 31/12/2003 | | 106,000 |

**Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2003**

| | € | € |
|---|---|---|
| Sócmhainní seasta | | 680,000 |
| Sócmhainní reatha (Féichiúnaithe €45,000 san áireamh) | 130,000 | |
| Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain. | 64,000 | 66,000 |
| | | 746,000 |
| Maoinithe ag | | |
| Creidiúnaithe: suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná 1 bhliain | | |
| Bintiúir 7% (2008/2009). | | 200,000 |
| Caipiteal agus Cúlchistí | | |
| Gnáthscaireanna | | 440,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 106,000 |
| | | 746,000 |

(a) **Iarrtar ort a ríomh:**
- (i) An Céatadán den Mharcáil Suas ar Chostas.
- (ii) An Stoc Deiridh.
- (iii) An tréimhse creidmheasa a thugtar d'Fhéichiúnaithe.
- (iv) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid. (40)

(b) **Mínigh iad seo a leanas:**
- (i) Bintiúir (2008/2009).
- (ii) Sócmhainní Doláimhsithe.
- (iii) Ráta an Láimhdeachas Stoic.
- (iv) Capiteal in Úsáid. (40)

(c) An mbeadh éirithe níos fearr leis an ngnólacht seo dá mbeadh sé tar éis díol amach agus a chuid airgid a infheistiú in institiúid airgeadais don bhliain seo caite? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (10)

(d) Más é 1.3 in aghaidh 1 an cóimheas reatha agus más é 0.7 in aghaidh 1 an mearchóimheas reatha do 2002 léirigh do thuairim ar leachtacht an ghnólachta. (10)

**(100 marc)**

## 6. <u>Taifid Neamhiomlána – Cuntais Rialúcháin</u>

Níor choimeád B. Burley sraith iomlán leabhar cuntais don bhliain dar chríoch 31/12/2003. Seo leanas achoimre den chuntas airgid don tréimhse sin:

| | € | € |
|---|---|---|
| **Fáltais Airgid** | | |
| Iarmhéid - 1/1/2003 | 1,850 | |
| Féichiúnaithe | 33,300 | |
| Coimisiún | 4,650 | |
| Díolacháin | 148,800 | |
| Cíos | <u>9,600</u> | 198,200 |
| | | |
| **Íocaíochtaí Airgid** | | |
| Tarraingtí | 23,700 | |
| Ceannacháin | 87,200 | |
| Pá agus Speansais Ghinearálta | 36,800 | |
| Troscán | 7,200 | |
| Creidiúnaithe | <u>42,200</u> | 197,100 |

Tá an t-eolas breise seo leanas ar fáil freisin:

| | **1/1/2003** | **31/12/2003** |
|---|---|---|
| Áitreabh | 420,000 | 420,000 |
| Veaineanna Seachadta | 41,000 | 41,000 |
| Speansais dlite | 2,560 | 3,400 |
| Coimisiún infhaighte dlite | - | 880 |
| Stoc | 11,600 | 13,400 |
| Féichiúnaithe | 9,200 | 10,600 |
| Creidiúnaithe | 14,600 | 17,400 |

**Iarrtar ort:**

(a) Na Ceannacháin Iomlána agus na Díolacháin Iomlána ag Burley a ríomh ag úsáid Cuntais Rialúcháin. (30)
(b) Cuntas Trádála Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2003. (30)
(c) Clár Comhardaithe ar 31/12/2003 a ullmhú. (40)

**(100 marc)**

## 7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Bruadair Teo.

**Sliocht Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2003**

| | € |
|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 154,000 |
| Ús íoctha | (15,000) |
| | 139,000 |
| Cáin | (31,000) |
| | 108,000 |
| Díbhinn mholta | (28,000) |
| Brabús coinnithe don bhliain | 80,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2003 | 56,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2003 | 136,000 |

| **Cláir Chomhordaithe mar a bhí ar** | **31/12/2003** | | **31/12/2002** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh | 755,000 | | 695,000 | |
| Lúide Soláthar in aghaidh dímheasa | 140,000 | 615,000 | 125,000 | 570,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 95,000 | | 71,000 | |
| Féichiúnaithe | 61,000 | | 66,000 | |
| Airgead | 7,000 | | 12,000 | |
| | 163,000 | | 149,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin | | | | |
| Creidiúnaithe | 83,000 | | 72,000 | |
| Cáin | 31,000 | | 22,000 | |
| Díbhinn mholta | 28,000 | | 19,000 | |
| | (142,000) | | (113,000) | |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | 21,000 | | 36,000 |
| **Sócmhainní Iomlána Glan** | | 636,000 | | 606,000 |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin | | | | |
| Bintiúir 10% | | 50,000 | | 150,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 450,000 | | 400,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 136,000 | | 56,000 |
| | | 636,000 | | 606,000 |

**Iarrtar ort:**

(a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglansreabhadh airgid ó imeachtaí oibriúcháin. (30)

(b) An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú do Bhruadair Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2003 faoi na ceannteidil seo a leanas: (65)

1. Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
2. Toradh ar Infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinn Chothromais Íoctha
6. Airgeadú

(c) Réitigh an glansreabhadh Airgid leis an ngluaiseacht ghlanfhiachais. (5)

**(100 marc)**



THALL→

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

**8. Costáil: Costas-Méid-Brabús (Costáil Imeallach)**

Déanann Buncar Tta táirge a dhíolann sé ar €39 an t-aonad. Díoltar na hearraí uile a tháirgtear agus dá bhrí sin, ní bhíonn aon stoc riamh den táirge ar lámh. Léiríonn anailís chostála:

€22 in aghaidh an aonaid is ea na costais athraitheacha
€17,850 a bheidh sna costais seasta don tréimhse.

**Iarrtar ort:**

(a) An cion do gach aonad a dhíoltar a ríomh.
(b) An pointe meá-ar-mheá don táirge seo a ríomh agus na sonraí thuas á n-úsáid agat.
(c) Ráiteas Costála Imeallaí a ullmhú chun an Brabús/Caillteanas a thaispeáint ag na leibhéil táirgíochta seo leanas:

1. 1,100 aonad
2. 1,300 aonad
3. 1,750 aonad
4. 2,000 aonad

(d) Ríomh an leibhéal táirgíochta agus ioncam díolacháin a chruthóidh brabús €12,500.
(e) An Lamháil Sábháilteachta in aonaid agus in ioncam díolacháin in (d) thuas.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Ba iad seo leanas na Sócmhainní, na Dliteanais agus an Caipiteal a bhí ag P. Ó Brolcháin ar 1 Ean 2004.

| | € |
|---|---|
| **Sócmhainní** | |
| Sócmhainní seasta | 440,000 |
| Stoc | 18,800 |
| Féichiúnaithe | 49,000 |
| Airgead | 5,500 |
| | 513,300 |
| **Dliteanais** | |
| Creidiúnaithe | 53,300 |
| Caipiteal | 460,000 |
| | 513,300 |

Is iad seo leanas na díolacháin agus na ceannacháin a bhfuil súil leo don 5 mhí atá le teacht:

| | Ean | Feabh | Már | Aib | Beal | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceannacháin** | €82,000 | €86,000 | €88,000 | €95,000 | €99,000 | 450,000 |
| **Díolacháin** | €64,000 | €68,000 | €70,000 | €76,500 | €80,000 | 358,500 |

Tá na díolacháin ar fad ar cairde agus íoctar astu mí amháin tar éis iad a dhíol.
Tá na ceannacháin ar fad ar cairde (ach amháin €22,000 i mí na Bealtaine) agus íoctar astu mí amháin ina dhiaidh sin.
Tá an t-áitreabh ar cíos ag Ó Brolcháin ar €15,000 sa bhliain agus íoctar an cíos gach mí.
€6,400 sa mhí atá ar an bPá.
Ceannach Trealamh in Aibreáin ar €8,000.
Meastar gur €26,800 a bheidh sa Stoc deiridh ar 31/5/2004
Meastar gur €61,250 a bheidh sa ghlanbhrabús 5 mhí

**Iarrtar ort iad seo leanas a ullmhú:**
(a) Buiséad Airgid a léireoidh na fáltais agus na híocaíochtaí a bhfuil Ó Brolcháin ag súil leo do na cúig mhí Eanáir go Bealtaine.
(b) Clár Comhardaithe Buiséadaithe mar a bheadh ar 31/5/2004.

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán